

An Chéad Eagrán 2015
© Aoife Ní Dhufaigh 2015

ISBN 978-1-909907-96-6

*Ní thagraíonn aon phearsa ficseanúil sa scéal seo
d'aon duine sa saol réadúil.*

Gach ceart ar cosnamh. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur, dearadh agus pictiúr clúdaigh: Caomhán Ó Scolai

Clódóireacht: Clódóirí Lurgan



Foras na Gaeilge

Tugann Foras na Gaeilge tacaíocht airgid do Leabhar Breac



Tugann An Chomhairle Ealaíon tacaíocht airgid do Leabhar Breac

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-593592

Síscéalta Lios Lurgain
Éalú as an Lios

CAIBIDIL

1



HÍ SÉ an-deireanach san oíche i Lios Lurgain i dTír na Sí. Dhúisigh Luisne de phreab. Bhí an torann úd ann arís! An torann céanna a bhí cloiste aici gach oíche le seachtain. Ansin chonaic sí solas ag dul thar fhuinneog a seomra codlata. Léim sí amach as an leaba agus rith sí anonn go dtí an fhuinneog. Gach oíche eile, nuair a d'fhéach sí amach, ní raibh dada le feiceáil aici. Ach anocht chonaic sí scáth duine ar an gcosán taobh amuigh den teach. Ach cé a bhí ann?

Las Luisne coinneal agus d'oscail sí doras a seomra codlata go ciúin. Chuaigh sí suas staighre go deas réidh agus d'fhéach sí isteach i seomra codlata a tuismitheoirí. Bhí siad ina gcodladh go sámh. Ach nuair a d'fhéach sí isteach i seomra a

dearthár Lugh, ní raibh aon duine ann! Bhí an leaba folamh.

Chuaigh Luisne ar ais go dtí a seomra codlata féin arís ach ní raibh sí in ann codladh. Cén fáth a raibh Lugh ag éalú amach i lár na hoíche? Cá raibh sé ag dul? Agus an raibh a fhios ag a dtuismitheoirí go raibh sé amuigh?

Bhí a col ceathrair Deirdre ag fanacht le Luisne taobh amuigh de Scoil na Sí an mhaidin dár gcionn.

‘Tá tú deireanach inniu, a Luisne,’ a dúirt sí. ‘Cá raibh tú?’

‘Bhí mé an-tuirseach ar maidin,’ a deir Luisne. ‘Dhúisigh an torann céanna mé arís aréir. Ach an t-am seo chonaic mé duine taobh amuigh den teach. Ceapaim gurb é Lugh a bhí ann, ach ní thuigim cén fáth a raibh sé amuigh ag an tráth sin d’oíche.’

‘Tá Lugh fiche bliain d’aois,’ a dúirt Deirdre agus meangadh uirthi. ‘B’fhéidir go bhfuil cailín aige.’

‘B’fhéidir go bhfuil,’ a dúirt Luisne. ‘Is cinnte go bhfuil rud éigin aisteach ag tarlú. Agus gheobhaidh mise amach anocht céard é féin. Geallaim duit.’

An oíche ina dhiaidh sin bhí Luisne istigh sa leaba agus a cuid éadaí fós uirthi. Bhí a clóca ag bun na leapa agus an laindéar réidh aici gar don doras. Chuaigh uair an chloig thart. Ansin uair an

chloig eile. Bhí sí an-tuirseach faoin am seo agus de réir a chéile thosaigh a súile ag dúnadh. ‘Ach ní féidir liom titim i mo chodladh anocht,’ a dúirt sí, agus amach as an leaba léi.

Chuir Luisne uirthi a clóca. Ansin shuigh sí ar an urlár agus chuir sí a droim leis an mballa. Ní raibh sí róchompordach ach, ar a laghad, bhí sí in ann fanacht ina dúiseacht. Ar deireadh chuala sí é. Torann ar an staighre agus coiscéimeanna ag dul thar dhoras a seomra codlata. Ansin doras á oscailt agus á dhúnadh arís go ciúin.

D’éirigh Luisne de léim. Rug sí ar an laindéar agus chuir sí faoina clóca é. Amach as an teach léi agus síos an bóthar, ag fanacht siar le bheith cinnte nach bhfeicfeadh Lugh go raibh sí á leanacht. Nuair a shroich Lugh an claí ard taobh amuigh de Lios Lurgain stop sé. Thóg sé amach eochair mhór ornáideach agus shín sé i dtreo an chlaí í. Ansin chonaic Luisne doras mór dubh sa chlaí, doras nach raibh ann ar chor ar bith nóiméad roimhe sin! Bhí ríméad uirthi.

‘Caithfidh gurb é sin an bealach go dtí an Domhan Thuas,’ ar sise léi féin. Ansin sháigh Lugh an eochair sa doras mór dubh agus ar seisean:

*‘Tá sióg ar an Tairseach ag iarraidh dul suas,
Oscail an bealach go dtí an Domhan Thuas.’*

Chomh luath agus a bhí na focail ráite, chonaic Luisne an doras ag oscailt go mall, réidh. Ansin chuir Lugh an eochair mhór ar ais ina mhála agus siúd amach thar an Tairseach leis go dtí an Domhan Thuas!

Bhí Luisne an-sásta léi féin agus í ag dul abhaile. ‘Tá a fhios agam cá bhfuil an Tairseach! Agus tá a fhios agam na focail draíochta!’ a dúirt sí. ‘Nuair a gheobhaidh mé an eochair, beidh mé féin agus Deirdre in ann dul go dtí an Domhan Thuas.’

An mhaidin dár gcionn bhí Deirdre ag fanacht le Luisne taobh amuigh de Scoil na Sí mar ba ghnách.

‘Tá tú deireanach arís, a Luisne,’ a dúirt Deirdre. ‘Cá raibh tú?’

‘Fan go gcloisfidh tú céard a tharla aréir,’ a deir Luisne. D’fhéach sí ina timpeall agus ansin thosaigh sí ag cogarnaíl. ‘Lean mé Lugh aréir agus fuair mé amach gur imigh sé go dtí an Domhan Thuas! Agus tá a fhios agam anois cén áit go díreach a bhfuil an Tairseach agus céard iad na focail draíochta. Níl le déanamh agam anois ach an eochair a fháil agus

beidh an bheirt againn in ann dul go dtí an Domhan Thuas.’

Cheap Luisne gur áit iontach ar fad a bhí sa Domhan Thuas. Bhí go leor leabhar léite acu ar scoil faoi, agus bhí go leor pictiúr de feicthe acu, ach ba mhaith le Luisne na hiontais ar fad a bhí ann a fheiceáil di féin.

‘Ach níl mise ag iarraidh dul go dtí an Domhan Thuas,’ a dúirt Deirdre. ‘Tá sé an-chontúirteach thuas ansin. Sin é an fáth a bhfuil riail ann nach bhfuil cead ag sióga óga dul go dtí é leo féin.’

‘Ach níl ciall ar bith leis an riail sin,’ a deir Luisne. ‘Is sióga muid agus tá draíocht againn!’

‘Tá cuid de na Cleasa Sí ar eolas againn,’ a dúirt Deirdre. ‘Ach tá go leor leor cleasa le foghlaim fós againn.’

Ach ansin bhuaile an clog agus bhí sé in am ag na sióga óga dul isteach sa scoil.

An oíche sin bhí Luisne ina dúiseacht agus í ag fanacht go dtiocfadh Lugh abhaile.

‘Tá mé cinnte go n-athróidh Deirdre a hintinn faoi theacht in éineacht liom nuair a bheidh an eochair agam,’ ar sise léi féin.

Faoi dheireadh, chuala sí Lugh, agus amach

as an leaba léi de léim agus isteach sa chistin.

‘An raibh tusa sa Domhan Thuas inniu?’ ar sise lena deartháir.

‘Bhí,’ a deir Lugh. ‘Ach cén fáth nach bhfuil tusa i do chodladh?’

‘Bhí deoch uisce uaim,’ arsa Luisne, agus líon sí gloine uisce di féin. ‘Cén sórt áite é an Domhan Thuas, a Lugh?’

‘Áit chontúirteach do shióga óga,’ arsa a deartháir. ‘Oíche mhaith, a Luisne.’

Nuair a bhí Lugh imithe suas an staighre, thosaigh Luisne ag cuardach.

‘B’fhéidir gur ina mhála atá an eochair aige,’ ar sise agus chuir sí a lámh isteach ann.

Ní raibh an eochair ann.

‘B’fhéidir gur i bpóca a chóta atá sí aige,’ ar sise ansin, agus chuir sí a lámh isteach ina phóca.

Ach ní raibh an eochair ann.

Bhreathnaigh Luisne timpeall an tseomra.

‘B’fhéidir gur ar an tseilf os cionn na tine atá an eochair,’ a dúirt sí.

Sheas sí ar chathaoir agus shín sí suas chomh fada leis an tseilf! Bhí ríméad uirthi nuair a bhraith sí an eochair lena méara! Síneadh beag eile go dtí cúl na seilf agus bheadh sí aici.

Ach, mo léan! Sciorr an chathaoir agus thit Luisne anuas ar an urlár de phlímp!

Bhí an torann le cloisteáil ar fud an tí. Isteach le tuismitheoirí agus deartháir Luisne. Chrom a máthair síos lena taobh.

‘Tá mé ag ceapadh go bhfuil tú ceart go leor,’ a dúirt sí ansin. ‘Níl aon chnámha briste agat an babhta seo.’

‘Ach, a Luisne, cén fáth a raibh tú thuas ar an gcathaoir?’ arsa Lugh.

‘Bhí mé ag iarraidh ceann de na cístí a fháil,’ a deir Luisne.

‘Ceann de na cístí?’ arsa a hathair. ‘Cén uair a thosaigh muid ag cur cistí thuas ansin? An bhfeiceann tú? Tá na cístí anseo ar an mbord.’

Phléasc Luisne amach ag caoineadh.

‘Ó! Mo chos,’ a dúirt sí. ‘Ceapaim go bhfuil mo chos briste agam.’

‘Níl do chos briste, a stór,’ arsa a máthair. ‘Ach caithfidh tú dul ar ais chuig do leaba anois. Beidh tú ceart go leor ar maidin.’

Nuair a dhúisigh Luisne ar maidin ní raibh aon fhonn uirthi dul ar scoil.

‘Tá pian i mo chois,’ ar sise lena máthair, ‘agus tá pian i mo cheann freisin.’

‘An bhfuil, a stór?’ a deir a máthair. ‘B’fhearr duit fanacht ag baile mar sin. Beidh lá deas ciúin ag an mbeirt againn le chéile.’

Chaith Luisne an lá sa leaba ag léamh leabhair faoi na hiontais ar fad atá sa Domhan Thuas.

Díreach tar éis na scoile tháinig Deirdre ar cuairt.

‘Céard a tharla duit, a Luisne?’ ar sise. ‘Dúirt Aintín Muireann gur ghortaigh tú do chos.’

Thosaigh Luisne ag gáire. ‘Níl aon rud orm, a Dheirdre,’ a dúirt sí. ‘Ach ní raibh fonn orm dul ar scoil inniu.’

‘Dúirt Mam go bhfuil cead agamsa codladh anseo thar oíche,’ a dúirt Deirdre.

‘Go maith,’ arsa Luisne.

Ansin thosaigh Luisne ag insint do Dheirdre faoin rud a tharla di an oíche roimhe sin.

‘Ach, tar éis an méid sin ar fad, níl an eochair faighte agam fós,’ a dúirt sí go brónach nuair a bhí an scéal críochnaithe aici.

‘Bhuel, sin sin,’ arsa Deirdre.

‘Ach ní hea,’ a dúirt Luisne agus léim sí amach as an leaba. ‘Tá a fhios agam anois cá bhfuil an

eochair! Agus is féidir liom í a fháil má thugann tusa cúnamh dom. Tá plean agam.’

‘Ach ní thuigimse,’ a deir Deirdre, ‘cén fáth a bhfuil eochair uait ar chor ar bith. Nach dtéann sióga go dtí an Domhan Thuas agus abhaile arís gan aon eochair acu?’

‘D’fhiafraigh mise de mo Dhaid faoi sin an lá cheana,’ arsa Luisne. ‘Nuair a bhíonn na sióga ina gcodladh bíonn an Tairseach dúnta agus ní féidir dul amach ná isteach gan eochair.’

‘An bhfuil eochair i ngach teach mar sin?’

Níl. Eochair amháin atá i Lios Lurgain agus bíonn sí coinnithe sa teach seo.’

Go gearr ina dhiaidh sin chuaigh Deirdre isteach sa chistin le labhairt lena haintín Muireann.

‘Tá Luisne ag ligean a scíthe anois,’ a dúirt sí. ‘Ach tá an-ocras orm. Tháinig mé anseo díreach ón scoil.’

‘A Dheirdre bhocht,’ arsa Muireann. ‘Téigh isteach ansin sa seomra suí agus tabharfaidh mise bia isteach chugat. Tá tú ag fanacht anseo anocht le Luisne, nach bhfuil?’

‘Tá,’ a dúirt Deirdre.

Thug a haintín deoch te meala, torthaí úra agus cistí beaga milse do Dheirdre

‘Bí ag ithe, a stór,’ ar sise.

Nuair a bhí sí ag ithe thosaigh Deirdre ag insint na nuachta ar fad as Lios Darach dá haintín Muireann.

D’inis sí di faoin gcapall bán a bhí ceannaithe ag a hathair.

D’inis sí di faoin ngúna álainn síoda a bhí déanta ag a seanmháthair di.

D’inis sí di faoi na seoda gleoite a fuair a deirfiúr Aoife ar a lá breithe.

D’fhan Deirdre sa seomra suí lena haintín go dtí go raibh na scéalta seo ar fad inste aici di.

‘Maith thú, a Dheirdre. Choinnigh tú Mam as an mbealach,’ a dúirt Luisne go ríméadach nuair a tháinig Deirdre ar ais go dtí an seomra codlata.

‘Féach!’ Shín sí amach a lámh. ‘Fuair mé an eochair. Anois is féidir leis an mbeirt againn dul go dtí an Domhan Thuas.’



‘A Luisne,’ arsa Deirdre. ‘Bhí mé breá sásta cúnamh a thabhairt duit an eochair a fháil ach, mar a dúirt mé leat inné, níl mé ag iarraidh dul go dtí an Domhan Thuas. Ba mhaith liom an áit a fheiceáil am éigin agus b’aoibhinn liom dul go dtí an phictiúrlann agus go dtí an sorcas, mar a dhéanann na páistí thuas ansin. Ach níl mé ag iarraidh dul ann anois. Tá sé róchontúirteach.’

‘Ach, a Dheirdre,’ arsa Luisne agus í beagnach ag caoineadh. ‘Caithfidh tú teacht in éineacht liom.’

‘Tiocfaidh. Nuair a bheidh muid níos sine,’ a dúirt Deirdre. ‘Ach níl mé ag dul ann anois.’

Bhí Luisne bhocht croíbhriste.

‘Níl aon spraoi ionatsa,’ a dúirt sí lena col ceathrair agus pus mór uirthi. ‘Tá faitíos ort roimh gach uile rud.’

Níor labhair an bheirt le chéile ar feadh cúpla nóiméad. Thosaigh Luisne ag léamh leabhair. Ach níor thaitin an ciúnas le Deirdre. Níor thaitin léi bheith ag argóint le Luisne.

‘D’fhiafraigh mé de Mham inné,’ ar sise, ‘faoin aintín seo atá againne sa Domhan Thuas. Dúirt sí gur ceoltóir atá inti agus go mbíonn sí ag casadh ceoil do na Daoine. Tá sí pósta le Duine a bhfuil

Mícheál air. Bíonn Gormlaith ar an teilifís agus sna nuachtáin go minic ach níl a fhios acu sa Domhan Thuas gur síog atá inti.'

'Má thagann tú in éineacht liom,' a dúirt Luisne, 'rachaidh an bheirt againn ar cuairt chuici.'

'Ná tosaigh air sin arís, a Luisne,' arsa Deirdre. 'Cheap mé go raibh muid chun cluichí agus Cleasa Sí a imirt?'

CAIBIDIL

2

CHAITH NA síóigíní an chuid eile den tráthnóna ag imirt a gcuid Cleasa Sí. Bhí an-spraoi ag an mbeirt.

Thosaigh siad le *Imigh as Radharc*, an cleas is fearr a thaitníonn le Deirdre. Ina dhiaidh sin d’imir siad an *An Sí Gaoithe*. Sin é an ceann is fearr le Luisne. Agus, ar deireadh, d’imir siad *Athraigh Cruth*. Sin cleas atá an-deacair a déanamh nuair nach bhfuil ionat ach síóigín óg!

Ach ansin shín Luisne siar ar an leaba. ‘Tá mé tuirseach anois,’ ar sise. ‘Ach thaitin sé sin thar cionn liom.’

‘Agus liomsa,’ a deir Deirdre. ‘Bhain mé an-spraoi as.’

Bhí Deirdre ag cuimhneamh uirthi féin. Ansin labhair sí.

‘A Luisne, an rud seo faoin mbeirt againn a bheith ag dul go dtí an Domhan Thuas,’ a dúirt sí. ‘B’fhéidir go rachaidh mé in éineacht leat. Tuigim anois go bhfuil muid i bhfad níos fearr chuig na Cleasa Sí ná mar a cheap mé.’

‘An bhfuil tú ag rá go dtiocfaidh tú in éineacht liom nuair a bheidh muid níos sine?’ arsa Luisne.

‘Níl,’ a deir Deirdre. ‘Tá mé ag rá go rachaidh mé in éineacht leat anois.’

D’éirigh Luisne den leaba de léim agus thosaigh sí ag damhsa le háthas ar fud an tseomra codlata.

‘Ach tá rud amháin a chaithfidh tú a ghealladh dom,’ arsa Deirdre nuair a stop Luisne ag damhsa.

‘Rud ar bith atá uait,’ a dúirt Luisne.

‘Caithfidh tú gealladh dom go rachaimid go dtí an phictiúrlann agus go dtí an sorcas nuair a bheidh muid thuas ann.’

‘Déanfaidh muid na rudaí sin ar fad, a Dheirdre,’ arsa Luisne agus ríméad an domhain uirthi.

Bhí na sióga sa Domhan Thíos fós ina gcodladh nuair a d’éirigh an dá shiógín, Luisne agus Deirdre.

Shiúil siad go dtí an claí ard atá idir Lios Lurgain agus Lios Darach.

‘Díreach anseo atá an Tairseach,’ a dúirt Luisne.

Thóg sí amach an eochair agus shín sí i dtreo an chláí í mar a rinne Lugh. Go tobann bhí an doras mór dubh le feiceáil acu os a gcomhair amach.

Sháigh Luisne an eochair sa ghlas agus ar sise:

*‘Tá sióg ar an Tairseach ag iarraidh dul suas,
Oscail an bealach go dtí an Domhan Thuas.’*

D’oscail an doras go mall, réidh.



Thóg Luisne an eochair as an nglas agus chuir sí ar ais go cúramach ina mála í.

Ansin chuaigh sí féin agus a col ceathrair Deirdre amach thar an Tairseach go dtí an Domhan Thuas!

An chéad rud eile bhí an dá shiógín ina seasamh sa seandún atá os cionn Lios Lurgain! Bhreathnaigh siad ina dtimpeall. Bhí an ghrian díreach ag éirí.